Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 34/11)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur in aghaidh an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“ Grebbestadostron ”

Uimh. AE: PDO-SE-02819 — 30.11.2021

STFC (X) TGFC ( )

1. **Ainmneacha**

“ Grebbestadostron ”

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. ***An cineál táirge***

Aicme 1.7. Éisc, moilisc, crústaigh úra agus táirgí a dhíorthaítear uathu sin

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Cumhdaíonn an tásc faoi chosaint “Grebbestadostron” na hoisrí Eorpacha coiteanna (*Ostrea edulis*) beo a ghabhtar san fhiántas.

Tá na saintréithe seo a leanas in “Grebbestadostron”:

Saintréithe fisiceacha

Cruth:

Cruth cruinn amhail braon atá cosúil leis an taobh uachtair de lámh a bhfuil meall déanta di ach nach bhfuil ina dorn. Tá an taobh eile de cothrom. Marcanna ciorclacha, múnlaithe, ar chruth gaothráin ag síneadh amach ón gcuid den oisre atá níos bioraí.

Méid:

Trastomhas: 7–15 cm

Meáchan: 100–150 gram

Saintréithe orgánaileipteacha

Dath na blaoisce:

An taobh amuigh: Bíonn dathanna éagsúla ar an oisre de réir dhoimhneacht na háite ina maireann sé. In uiscí éadoimhne ina mbíonn neart solais, bíonn dath bán air mar aon le dathlonrachas atá beagán glas. In uiscí níos doimhne bíonn ton níos doimhne air, ton a bhíonn níos corcra go hiondúil.

An taobh istigh: Dath bán néamhainn mar aon le ton vialaite. Bíonn imireacha smaragaidghlasa doimhne ar imeall na blaoisce.

Dath na feola:

Toin éadroma ghainimh (NCS[1] S2010-Y10R) Toin shiaineacha atá níos dorcha (NCS S6005-Y80R). Bíonn dath ócair óir ar an snáithe feola (NCS S3030-Y20R). Bíonn loinnir ar an bhfeoil atá cosúil le smugairle róin teimhneach.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Blas:

Sáile, mianraí, feamainn agus *uumami*, beagán de bhlas cnónna. Iarbhlas fada iomlán de *umami* agus goirteamas mianrach.

Dea-bholadh:

Mheabhródh sé an fharraige duit, mianraí maille le feamainn agus iasc úr.

Uigeacht:

Teann agus feolmhar. Bíonn an uigeacht éagsúil i gcodanna difriúla den oisre, ó uigeacht theann go réasúnta bog.

An blas sa bhéal:

Eispéireas speisialta is ea an blas sa bhéal mar go n-itear an t-oisre iomlán d'aon iarraidh amháin go hiondúil. Bíonn an blas ar an oisre saibhir agus iomlán, agus baineann sé go láidir leis an bhfarraige.

Saintréithe ceimiceacha (in aghaidh 100 g d'fheoil oisre):

Uisce: 80–83 g

Próitéin: 9,3–9,9 g

Carbaihiodráit: 2–4 g

Salann: 0,25–0,35 g

Saill: 2,0–2,4 g

arb é atá ann:

— Saill sháithithe: 0,5–0,6 g

— Saill mhonai-neamhsháithithe: 0,2–0,3 g

— Saill pholai-neamhsháithithe: 0,5–0,7 g

arb é atá ann:

— Óimige-6: 0,05–0,09 g

— Óimige-3: 0,50–0,65 g

Vitimíní

Tiaimín: 0,10–0,15 mg

Ribeaflaivin: 0,15–0,20 mg

Niaicin: 2,0–3,9 mg

B6: 0,1–0,2 mg/100 g

Vitimín E: 0,9–1,1 mg

Mianraí

Cailciam: 80–90 mg

Fosfar: 140–160 mg

Iarann: 5,5–6,5 mg

Maignéisiam: 25–30 mg

Potaisiam: 110–130 mg

Sinc: 45–50 mg

[1] Gnáthchóras Daite

3.3. ***Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)***

Beathaíonn "Grebbestadostron" iad féin go príomha le miocralgaí de mhéid 20–30 µm ach is féidir leo cáithníní níos mó a ithe freisin, cuir i gcás zóplanctón agus uibheacha éisc.

3.4. ***Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe***

Ní mór an próiseas táirgthe iomlán a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a shonraítear i bpointe 4.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá i limistéar táirgthe "Grebbestadostron" oileánraí thuaidh agus theas Grebbestad, i.e. na codanna d'oileánra Bohuslän atá suite laistigh de cheantair Lur, Tanum, Fjällbacka agus Kville. Is í teorainn sheachtrach an limistéir an bhonnlíne ar muir. Is éard atá sa limistéar táirgthe an chuid den chósta atá laistigh de 5 km ón imeallbhord.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Braitheann saintréithe "Grebbestadostron" ar an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna.

Saintréithe sonracha an táirge:

Is oisrí Eorpacha coiteanna iad "Grebbestadostron" a fhásann ar bhruacha oisrí nádúrtha in oileánraí thuaidh agus theas Grebbestad. Fásann "Grebbestadostron" go mall mar go mbíonn an t-uisce sa limistéar táirgthe fuar, gan mórán cothaitheach agus leibhéal íseal salandachta ann. Tógann sé idir 3 agus 5 bliana don oisre an t-íosmhéid buainte reachtúil a bhaint amach. Imríonn an fás mall tionchar ar shaintréithe orgánaileipteacha an oisre.

I gcomparáid le hoisre an Aigéin Chiúin (*Magallana gigas*) ar speiceas ionrach é a fhásann go tapa sa limistéar táirgthe, fágann fás mall "Grebbestadostron" go mbíonn blas i bhfad níos déine agus níos iomláine orthu mar aon le blaiseadh de mhianraí agus *umami* níos suntasaí agus níos soiléire. Bíonn iarbhlas ar "Grebbestadostron" ar léir é a bheith níos faide agus níos déine. Bíonn an fheoil níos teinne ná feoil *Magallana gigas*, rud a fhágann go mbíonn friotaíocht níos mó ag "Grebbestadostron" nuair a bhaintear plaic as.

Tosca nádúrtha:

Braitheann saintréithe "Grebbestadostron" ar dhálaí nádúrtha an limistéir táirgthe.

Is cuid de phobal na Sualainne den Oisre Eorpach coiteann (*O. edulis*) é "Grebbestadostron". Meastar go bhfuil thart ar 40 milliún Oisre Eorpach Coiteann ann. Mar thoradh ar an deighilt eatarthu ó thaobh achair de agus ar an oiriúnú éabhlóideach do theocht an uisce agus don tsalandacht, i measc nithe eile, tá pobal *O. edulis* na Sualainne éagsúil go géiniteach leis na pobail d'oisrí Eorpacha coiteanna a mhaireann i gcodanna den Atlantach níos faide ó dheas. Mar sin féin, tá éagsúlacht ghéiniteach níos lú laistigh den phobal i gcomparáid leis na pobail níos faide ó dheas.

Mar gheall ar an úinéireacht phríobháideach ar chearta iascaireachta agus an iascaireacht ar mhionscála agus toisc go bhfuil an t-uisce saor ó pharaisítí (*M. mackini*), tá stádas réasúnta maith ag pobal *O. edulis* na Sualainne.

Bíonn an t-uisce sa limistéar táirgthe measartha fuar (8–10 °C is ea meánteocht bhliantúil an uisce dromchla) le cion salainn íseal (2.7 % ar an meán), rud a fhágann gur ar imeall raon an speicis a mhaireann na hoisrí a ghabhtar chun "Grebbestadostron" a tháirgeadh.

Imríonn sruth dromchla Mhuir Bhailt tionchar mór ar dhálaí cothaitheach in uiscí limistéar táirgthe "Grebbestadostron". Tá cion íseal fosfair agus nítrigine, ar salainn chothaitheacha iad, san uisce (0,8 µM agus 20 µM faoi seach, ar an meán), agus cuireann sé sin teorainn le fás bhia príomhúil an oisre, miocralgaí.

Mar gheall ar dhálaí nádúrtha limistéar táirgthe "Grebbestadostron" (suíomhanna faoi fhothain, an doimhneacht, grinneall farraige den chineál ceart, an grádán agus an treoshuíomh ceart) tá dálaí maithe ann chun oisrí a tháirgeadh.

Na hoisrí a ghabhtar chun “Grebbestadostron” a tháirgeadh, fásann siad ar ghrinneall dríodair leathchrua ag a bhfuil grádán uasta 45° síos go dtí doimhneacht thart ar 10 méadar. Bíonn na grinnill níos lábaí in áiteanna níos doimhne. Ní bhíonn rath ar an oisre i ngrinnill mar sin. Ná ní bhíonn rath orthu i ngrinnill a bhfuil a n-aghaidh ar an oirthear.

Tugtar cosaint ar thonnta agus ar ghaoth na farraige móire do bhruacha na n-oisrí mar gheall ar an gcuar oileán imeallach in oileánraí thuaidh agus theas Grebbestad.

Tosca daonna:

Is ríthábhachtach d’infhaighteacht agus do cháilíocht “Grebbestadostron” araon iad eolas na n-iascairí oisrí ar bhitheolaíocht agus ar shaolré an oisre Eorpaigh choitinn agus a n-eolas ar dhálaí uisce agus ghrinneall na farraige sa limistéar táirgthe, mar aon le bainistíocht an phobail oisrí ar na bruacha oisrí nádúrtha.

Déantar “Grebbestadostron” a iascach ar bhealach ar leith atá bog agus a rannchuidíonn le cáilíocht shainiúil “Grebbestadostron”. Ní fhéadfaidh ach iascairí lapadaíola oisrí a ghabháil de láimh nó ní fhéadfaidh ach tumadóirí a bhfuil taithí acu oisrí a ghabháil i líonta. Piocann tumadóirí formhór na n-oisrí de láimh. Ós rud é nach gcuireann na tumadóirí isteach ar aon ábhar ar ghrinneall na farraige, is beag an tionchar a bhíonn ag gabháil “Grebbestadostron” ar na hoisrí atá fágtha ar na bruacha oisrí chun an t-uisce glan soiléir sa limistéar táirgthe a scagadh.

Tá teorainn 70 000 “Grebbestadostron” in aghaidh na bliana leis an iascaireacht, agus tugtar aird ar leith ar mharthanas an oisre Eorpaigh choitinn agus, dá bhrí sin, ar infhaighteacht leanúnach “Grebbestadostron”. Maidir le hiascaireacht “Grebbestadostron”, déanann na hiascairí bearta éagsúla chun na bruacha oisrí a chothabháil sa limistéar táirgthe.

Déantar na hoisrí, a fhásann ar bharr a chéile i gcnuasaigh níos mó, a scaradh agus a scaipeadh thar limistéar níos mó ionas go mbíonn rochtain mhaith ag na hoisrí go léir ar chothaithigh agus dá bhrí sin is mó seans go mairfidh siad. Na hoisrí beaga a fhásann ar dhromchla “Grebbestadostron” agus a ghabhtar, déantar iad a scríobadh de láimh den dromchla, tugtar aire dóibh agus cuirtear ar ais ar na bruacha oisrí iad. Sula gcuirtear ar ais ar na bruacha oisrí iad, ar dtús baintear oisrí beaga de speiceas oisre an Aigéin Chiúin (*Magallana gigas*), ar speiceas ionrach é, ionas nach gcuirfear lena leathadh.

D’fhonn atáirgeadh *O. edulis* a áirithiú, ní ghabhtar “Grebbestadostron” le linn thréimhse atáirgthe an oisre Eorpaigh choitinn ó mhí Iúil go mí Lúnasa.

A bhuí leis na bearta agus leis an gcúram a dhéanann iascairí oisrí agus iad ag iascach “Grebbestadostron”, tá pobal an oisre Eorpaigh choitinn ag dul i méid go seasta sa limistéar táirgthe.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/produktbeskrivning_grebbestadostron_2022_03_31.pdf